C/2025/4339

1.8.2025

Nuashonrú ar an liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([1])

(C/2025/4339)

An liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([2]), foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*, tá nuashonrú rialta le fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

AN LIOSTA DE CHEADANNA CÓNAITHE A EISÍONN NA BALLSTÁIT

AN BHULGÁIR

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C, C/2024/5580, 19.9.2024

I. **Eisítear ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír agus Rialachán (CE) Uimh. 380/2008 ón gComhairle an 18 Aibreán 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002:**

1. Cead cónaithe le haghaidh cónaí fada d'eachtrannach i bPoblacht na Bulgáire – an cineál ceada 'Cónaí fada', cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 1 bhliain ag gabháil leis. Eisítear an doiciméad i gcomhréir le forálacha an Achta um Eachtrannaigh i bPoblacht na Bulgáire.

2. Cead cónaithe le haghaidh cónaitheoir fadtéarmach san Aontas – an cineál ceada 'Cónaitheoir fadtéarmach san Aontas', cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta 5 bliana ag gabháil leis.

3. Cead cónaithe le haghaidh eachtrannach a bhfuil buanchónaí air i bPoblacht na Bulgáire – an cineál ceada 'Cead cónaithe', cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile ar feadh tréimhse atá ag brath ar bhailíocht an doiciméid aitheantais náisiúnta lenar tháinig an duine isteach i bPoblacht na Bulgáire, ach ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana.

4. An cineál ceada cónaithe 'Cárta Gorm AE' – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 5 bliana ag gabháil leis de réir cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002; cuirtear an réimse 'Cárta Gorm AE' in ionad an réimse 'an cineál ceada' agus sa réimse 'nóta' léirítear an ráiteas ábhartha i gcomhréir le forálacha an Achta um Eachtrannaigh i bPoblacht na Bulgáire, i gcás inarb infheidhme. Eisítear an doiciméad ar bhonn an Achta um Eachtrannaigh i bPoblacht na Bulgáire.

5. An cineál ceada cónaithe 'Cárta Gorm AE' – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 5 bliana ag gabháil leis de réir cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002; cuirtear an réimse 'Cárta Gorm AE' in ionad an réimse 'an cineál ceada' agus sa réimse 'nóta' léirítear: 'Cosaint idirnáisiúnta arna deonú ag Poblacht na Bulgáire an…(dáta)'. Eisítear an doiciméad ar bhonn an Achta um Eachtrannaigh i bPoblacht na Bulgáire.

([1]) Féach liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.
([2]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

6. Cead aonair cónaithe agus oibre – an cineál ceada ‘Cead aonair’ a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 3 bliana ag gabháil leis i gcomhréir le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002; cuirtear ‘cead aonair’ in ionad an réimse ‘an cineál ceada’ agus sa réimse ‘nóta’ léirítear an coinníoll maidir le rochtain ar an margadh saothair. Eisítear an doiciméad ar bhonn an Achta um Eachtrannaigh i bPoblacht na Bulgáire.

7. Cead oibrí shéasúraigh – an cineál ceada ‘Oibrí séasúrach’ a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile i gcomhréir le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002, is é sin go marcáiltear ‘oibrí séasúrach’ sa réimse ‘an cineál ceada’ agus go léirítear an coinníoll maidir le rochtain ar an margadh saothair sa réimse ‘nóta’. Eisítear an doiciméad ar bhonn an Achta um Eachtrannaigh i bPoblacht na Bulgáire.

8. Cead le haghaidh duine a bogadh trí aistriú ionchorparáide – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile i gcomhréir le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002, is é sin go marcáiltear ‘ICT – aistriú ionchorparáideach’ sa réimse ‘an cineál ceada’ agus go léirítear an coinníoll maidir le rochtain ar an margadh saothair sa réimse ‘nóta’. Eisítear an doiciméad ar bhonn an Achta um Eachtrannaigh i bPoblacht na Bulgáire.

9. Cead cónaithe le haghaidh cónaitheoir fadtéarmach – an cineál ceada ‘Cónaí fada’ leis an tásc ‘tairbhí de réir Airteagal 3(2) de Threoir 2004/38/CE’ – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 5 bliana ag gabháil leis.

10. Cead cónaithe le haghaidh buanchónaitheora – an cineál ceada ‘Cead cónaithe’ leis an tásc ‘tairbhí de bhun Airteagal 3(2) de Threoir 2004/38/CE’ – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 10 mbliana ag gabháil leis.

11. Cead soghluaisteachta le haghaidh aistriú ionchorparáide – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile i gcomhréir le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002, is é sin go bhfuil ‘ICT soghluaiste – soghluaisteacht ag ICT’ marcáilte sa réimse ‘an cineál ceada’ agus go léirítear an coinníoll maidir le rochtain ar an margadh saothair sa réimse ‘nóta’

12. Cead cónaithe fhada le haghaidh eachtrannaigh – an cineál ceada ‘Cónaí fada’ a bhfuil ‘taighdeoir’ marcáilte air – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 1 bhliain ag gabháil leis.

13. Cead cónaithe le haghaidh eachtrannach a bhfuil cónaí air go fadtéarmach san Aontas – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta 5 bliana ag gabháil leis; i gcead cónaithe le haghaidh eachtrannach a bhfuil cónaí fadtéarmach air san Aontas agus a raibh cónaí air mar shealbhóir Cárta Gorm AE, léirítear ‘iar–shealbhóir Cárta Gorm AE’ sa réimse ‘nóta’.

14. Léireofar sa réimse ‘nóta’ i gcead cónaithe le haghaidh eachtrannach ar cónaitheoir fadtéarmach é san Aontas ar an bhforas gur dheonaigh Poblacht na Bulgáire cosaint idirnáisiúnta dó: ‘Cosaint idirnáisiúnta arna deonú ag Poblacht na Bulgáire an..... (dáta)’

15. Cead cónaithe le haghaidh cónaí fada do náisiúnach de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann nó do dhuine dá theaghlach, mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002, leis an iontráil ‘Airteagal 50 CAE’ sa réimse ‘an cineál ceada’, agus ‘Airteagal 18 (4) den Chomhaontú’ sa réimse ‘Nóta’ – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta 5 bliana ag gabháil leis.

16. Cead buanchónaithe le haghaidh náisiúnach de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann nó duine dá theaghlach, mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002, leis an iontráil ‘Cead Cónaithe CAE Airteagal 50’ sa réimse ‘an cineál ceada’ agus ‘Airteagail 18 (4) den Chomhaontú’ marcáilte sa réimse ‘Nóta’ – cead a eisíonn údaráis comhlachtaí na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta 10 mbliana ag gabháil leis.

17. Cead cónaithe le haghaidh cónaitheoir fada ar ball teaghlach é le saoránach den Bhulgáir leis an tásc ‘ball teaghlaigh le saoránach den Bhulgáir’ – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 1 bhliain ag gabháil leis; Eisítear an doiciméad do dhaoine a fuair an ceart chun cónaí leanúnaigh ar fhoras Airteagal 24, mír 1, ítim 18 den Acht um Eachtrannaigh i bPoblacht na Bulgáire.

18. Cead cónaithe le haghaidh cónaitheoir fada i bPoblacht na Bulgáire a bhfuil ‘eachtrannach linbh neamhthionlactha’ marcáilte air – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 1 bhliain ag gabháil leis.

19. Cead cónaithe le haghaidh buanchónaitheoir ar ball teaghlaigh é le saoránach den Bhulgáir leis an tásc ‘ball teaghlaigh le saoránach den Bhulgáir’ – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile ar feadh tréimhse ag brath ar bhailíocht an doiciméid aitheantais náisiúnta lenar tháinig an duine isteach i bPoblacht na Bulgáire, ach ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana; Eisítear an doiciméad do dhaoine a fuair an ceart chun buanchónaithe ar fhoras Airteagal 25, mír 1, ítim 11 den Acht um Eachtrannaigh i bPoblacht na Bulgáire.

20. Cead cónaithe fhada le haghaidh eachtrannaigh a bhfuil ‘taighdeoir – soghluaisteacht’ marcáilte air – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 2 bhliain ag gabháil leis.

21. Cead cónaithe fhada le haghaidh eachtrannaigh a bhfuil ‘mac léinn’ marcáilte air– cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 1 bhliain ag gabháil leis.

22. Cead cónaithe fhada le haghaidh eachtrannaigh a bhfuil ‘dalta’ marcáilte air– cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 1 bhliain ag gabháil leis.

23. Cead cónaithe fhada le haghaidh eachtrannaigh a bhfuil ‘oiliúnaí’ marcáilte air – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 1 bhliain ag gabháil leis.

24. Cead cónaithe fhada le haghaidh eachtrannaigh a bhfuil ‘saorálaí’ marcáilte air – cead a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 1 bhliain ag gabháil leis.

25. Cárta cónaithe, a bhfuil ‘ball teaghlaigh le saoránach den Aontas Airteagal 10, Treoir 2004/38/CE’ marcáilte sa réimse ‘nóta’ – cárta a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 5 bliana ag gabháil leis.

26. Cárta cónaithe, a bhfuil ‘ball teaghlaigh le saoránach den Aontas Airteagal 20, Treoir 2004/38/CE’ marcáilte sa réimse ‘nóta’ – cárta a eisíonn údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 10 mbliana ag gabháil leis.

27. Cárta cónaithe le haghaidh cónaitheoir fada ar ball teaghlaigh é le saoránach den Aontas nár fheidhmigh a cheart chun saorghluaiseachta – cárta a eisítear de réir Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 5 bliana ag gabháil leis, a bhfuil ‘ball teaghlaigh Treoir 2004/38/CE’ marcáilte sa réimse ‘nóta’.

28. Cárta cónaithe le haghaidh buanchónaitheoir ar ball teaghlaigh é le saoránach den Aontas nár fheidhmigh a cheart chun saorghluaiseachta – cárta a eisítear de réir Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 a bhfuil tréimhse bhailíochta suas le 10 bliana ag gabháil leis, a bhfuil ‘ball teaghlaigh Treoir 2004/38/CE’ marcáilte sa réimse ‘nóta’.

29. Cárta taidhleoireachta – cárta a eisítear d’fhostaí taidhleoireachta in ionadaíocht taidhleoireachta nó chonsalach nó in eagraíocht idirnáisiúnta, atá creidiúnaithe i bPoblacht na Bulgáire agus a bhfuil tréimhse bhailíochta aige ag brath ar thréimhse an chreidiúnaithe.

30. Cárta consalachta – cárta a eisítear d’fhostaí consalachta in ionadaíocht taidhleoireachta nó chonsalach nó in eagraíocht idirnáisiúnta, atá creidiúnaithe i bPoblacht na Bulgáire agus a bhfuil tréimhse bhailíochta aige ag brath ar thréimhse an chreidiúnaithe.

31. Cárta foirne riaracháin agus teicniúla – cárta a eisítear d’fhostaí riaracháin nó teicniúil in ionadaíocht taidhleoireachta nó chonsalach nó in eagraíocht idirnáisiúnta, atá creidiúnaithe i bPoblacht na Bulgáire agus a bhfuil tréimhse bhailíochta aige ag brath ar thréimhse an chreidiúnaithe.

32. Cárta foirne seirbhíse – cárta a eisítear d’fhostaí de chuid na foirne seirbhísithe in ionadaíocht taidhleoireachta nó chonsalach nó in eagraíocht idirnáisiúnta, atá creidiúnaithe i bPoblacht na Bulgáire agus a bhfuil tréimhse bhailíochta aige ag brath ar thréimhse an chreidiúnaithe.

II. **Gach doiciméad eile a eisítear do náisiúnaigh tríú tír atá comhionann le cead cónaithe:**

1. Cárta Clárúcháin Cosanta Sealadaí le haghaidh Eachtrannach ag a bhfuil Cosaint Shealadach: (Регистрационна карта на чужденец с предоставена временна закрила)

   Eisítear Cárta Clárúcháin Cosanta Sealadaí le haghaidh Eachtrannach ag a bhfuil Cosaint Shealadach do dhaoine a bhfuil cosaint shealadach acu, bunaithe ar an gcreat reachtaíochta a bhaineann le comhlíontacht leis an Treoir um Chosaint Shealadach agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022. Eisítear é do na catagóirí daoine seo a leanas: a) Náisiúnaigh easáitithe den Úcráin, b) daoine gan stát nó náisiúnaigh de thríú tíortha seachas an Úcráin a d'fhág an Úcráin mar gheall ar an gcogadh. Déantar bailíocht Chárta Cosanta Sealadaí le haghaidh Eachtrannach ag a bhfuil Cosaint Shealadach a fhadú ar bhonn Chinneadh Aireachta Uimh. 144/10.3.2022 maidir le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, arna shíneadh leis na Cinntí Aireachta seo a leanas: Uimh. 180 de 2022, Uimh. 240 de 2022, Uimh. 95 de 2023, Uimh. 642 de 2024, Uimh. 79 de 2025, chomh maith le gach fadú breise i gcomhréir leis na Cinntí ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 ón gComhairle.

2. Cárta le haghaidh tairbhí cosanta coimhdí

   Eisítear an cárta le haghaidh tairbhí cosanta coimhdí i bPoblacht na Bulgáire do náisiúnaigh tríú tír ar deonaíodh cosaint choimhdeach dóibh. Is iad údaráis Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Bulgáire a eisíonn é agus tá tréimhse bhailíochta suas le 3 bliana ag gabháil leis. Deimhnítear leis an gcárta céannacht an duine agus ceart an tsealbhóra cónaí ar chríoch Phoblacht na Bulgáire ar feadh a thréimhse bailíochta. Éascóidh sé taisteal rianúil agus rialáilte náisiúnach tríú tír a bhfuil cosaint choimhdeach acu i bPoblacht na Bulgáire.

3. Pas le haghaidh tairbhí cosanta coimhdí

   Is iad údaráis Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Bulgáire a eisíonn an pas le haghaidh tairbhí cosanta coimhdí d'eachtrannach a bhfuil cosaint choimhdeach aige, pas lena ngabhann tréimhse bhailíochta suas le 3 bliana, ach nach faide ná tréimhse bhailíochta an Chárta le haghaidh tairbhí cosanta coimhdí. Tá sealbhóir an phas i dteideal imeacht agus dul isteach i bPoblacht na Bulgáire laistigh de thréimhse a bhailíochta faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis an nós imeachta d'eachtrannaigh a bhfuil buanchónaí orthu i bPoblacht na Bulgáire.

4. Cárta dídeanaí

   Is iad údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a eisíonn cárta dídeanaí a bhfuil tréimhse bhailíochta idir 3 agus 5 bliana ag gabháil leis do dhuine a bhfuil stádas dídeanaí aige agus deimhnítear leis céannacht an duine agus ceart an tsealbhóra cónaí ar chríoch Phoblacht na Bulgáire ar feadh thréimhse a bhailíochta.

5. Doiciméad taistil (Coinbhinsiún an 28 Iúil 1951)

   Is iad údaráis na hAireachta Gnóthaí Baile a eisíonn an doiciméad seo d'eachtrannach ar deonaíodh stádas dídeanaí dó lena ngabhann tréimhse bhailíochta suas le 5 bliana ach nach faide ná tréimhse bhailíochta an chárta dídeanaí, agus tá an sealbhóir i dteideal imeacht agus dul isteach i bPoblacht na Bulgáire laistigh de thréimhse a bhailíochta faoi na coinníollacha agus de réir an nós imeachta do shaoránaigh na Bulgáire, fad nach bhforáiltear maidir le ceanglais eile sa tír a bhfuil sé ag taisteal chuici.

Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo

IO C 247, 13.10.2006, lch. 1.
IO C 77, 5.4.2007, lch. 11.
IO C 153, 6.7.2007, lch. 1.
IO C 164, 18.7.2007, lch. 45
IO C 192, 18.8.2007, lch. 11.
IO C 271, 14.11.2007, lch. 14.
IO C 57, 1.3.2008, lch. 31.
IO C 134, 31.5.2008, lch. 14.
IO C 207, 14.8.2008, lch. 12.
IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.
IO C 3, 8.1.2009, lch. 5.
IO C 64, 19.3.2009, lch. 15.
IO C 198, 22.8.2009, lch. 9.
IO C 239, 6.10.2009, lch. 2.
IO C 298, 8.12.2009, lch. 15.
IO C 308, 18.12.2009, lch. 20.
IO C 35, 12.2.2010, lch. 5.
IO C 82, 30.3.2010, lch. 26.

IO C 103, 22.4.2010, lch. 8.

IO C 108, 7.4.2011, lch. 7.

IO C 157, 27.5.2011, lch. 5.

IO C 201, 8.7.2011, lch. 1.

IO C 216, 22.7.2011, lch. 26.

IO C 283, 27.9.2011, lch. 7.

IO C 199, 7.7.2012, lch. 5.

IO C 214, 20.7.2012, lch. 7.

IO C 298, 4.10.2012, lch. 4.

IO C 51, 22.2.2013, lch. 6.

IO C 75, 14.3.2013, lch. 8.

IO C 77, 15.3.2014, lch. 4.

IO C 118, 17.4.2014, lch. 9.

IO C 200, 28.6.2014, lch. 59.

IO C 304, 9.9.2014, lch. 3.

IO C 390, 5.11.2014, lch. 12.

IO C 210, 26.6.2015, lch. 5.

IO C 286, 29.8.2015, lch. 3.

IO C 151, 28.4.2016, lch. 4.

IO C 16, 18.1.2017, lch. 5.

IO C 69, 4.3.2017, lch. 6.

IO C 94, 25.3.2017, lch. 3.

IO C 297, 8.9.2017, lch. 3.

IO C 343, 13.10.2017, lch. 12.

IO C 100, 16.3.2018, lch. 25.

IO C 144, 25.4.2018, lch. 8.

IO C 173, 22.5.2018, lch. 6.

IO C 222, 26.6.2018, lch. 12.

IO C 248, 16.7.2018, lch. 4.

IO C 269, 31.7.2018, lch. 27.

IO C 345, 27.9.2018, lch. 5.

IO C 27, 22.1.2019, lch. 8.

IO C 31, 25.1. 2019, lch. 5

IO C 34, 28.1.2019, lch. 4.

IO C 46, 5.2.2019, lch. 5.

IO C 330, 6.10.2020, lch. 5.

IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.

IO C 140, 21.4.2021, lch. 2.

IO C 150, 28.4.2021, lch. 5.

IO C 365, 10.9.2021, lch. 3.

IO C 491, 7.12.2021, lch. 5.

IO C 509, 17.12.2021, lch. 10.

IO C 63, 7.2.2022, lch. 6.

IO C 272, 15.7.2022, lch. 4

IO C 304, 9.8.2022, lch. 5.

IO C 393, 13.10.2022, lch. 10.

IO C 72, 28.2.2023, lch. 44.

IO C 274, 3.8.2023, lch. 6.

IO C, C/2023/260, 19.10.2023.

IO C, C/2023/1408, 5.12.2023.

IO C, C/2023/1609, 22.12.2023.

IO C, C/2024/1212, 31.1.2024.

IO C, C/2024/1950, 6.3.2024.

IO C, C/2024/4488, 11.7.2024.

IO C, C/2024/5580, 19.9.2024.

IO C, C/2024/7513, 19.12.2024.

IO C, C/2024/7514, 19.12.2024.

IO C, C/2025/995, 11.2.2025.

IO C, C/2025/1504, 5.3.2025.

IO C, C/2025/1859, 25.3.2025.

IO C, C/2025/2330, 25.4.2025.

IO C, C/2025/3595, 1.7.2025.